RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/438 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Márta 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 184/2014 a mhéid a bhaineann le cuspóir téamach nua a chur le hainmníocht na gcatagóirí idirghabhála faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh ([1]), agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 184/2014 ón gCoimisiún ([2]) leagtar amach ainmníocht na gcatagóirí idirghabhála le haghaidh Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh.

(2) Le hAirteagal 92b(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), arna leasú le Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), bunaítear an cuspóir téamach nua "Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar", faoina bhfuil na hacmhainní breise ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh le soláthar. Toisc gur cuireadh an cuspóir téamach sin leis, ba cheart Tábla 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 184/2014 a leasú dá réir.

(3) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste Comhordúcháin na gCistí Eorpacha Struchtúracha agus Infheistíochta,

---

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 259.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 184/2014 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2014 lena leagtar síos de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir leis an gcóras um malartú sonraí leictreonacha idir na Ballstáit agus an Coimisiún agus lena nglactar de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh, ainmníocht na gcatagóirí idirghabhála le haghaidh tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (IO L 57, 27.2.2014, lch. 7).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

([4]) Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní breise agus socruithe cur chun feidhme chun cúnamh a chur ar fáil chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar (REACT-EU) (IO L 437, 28.12.2020, lch. 30).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I dTábla 5 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 184/2014, cuirtear an ró seo a leanas leis:

"13 - Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN